Droch-aimsir

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint anois ar thuairisc faoin droch-aimsir a bhí againn le os cionn seachtaine anuas.

Ar chuir an drochaimsir isteach ort féin?

Cén droch-aimsir a bhí againn an t-am seo anuraidh?

An bhfuilimid in ann déileáil leis an droch-aimsir níos fearr de bharr drochshneachta na bliana seo caite?

Ceist 2 Féach ar an mír anois. Déan iarracht na téarmaí thíos a mheaitseáil leis an aistriúchán ceart.

Sleet	Contúirteach
Ice	Flichshneachta
Scarcity	Fadhbanna
Pedestrians	Ganntanas
Dangerous	Ag feidhmiú
County Council	Deacrachtaí
Difficulties	Scaip
Spread	Coisithe
Frost	Comhairle Contae
Problems	Sioc
Operating	Leac oighir

Ceist 3 Anois féach ar an mír don dara uair agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. Ainmnigh an dá ghné den aimsir a bhí ag cruthú fadhbanna do choisithe agus do thiománaithe?

2. Cén dá sheirbhís bhus a luaitear sa sliocht?

3. Cén tseirbhís atá ag feidhmiú ‘mar is gnáth’?

4. Cén rud a iarrtar ar mhuintir na Gaillimhe gan a fhágáil ar siúl sna tithe?

5. Cén trí ghné den aimsir a bheidh ann anocht?

Ceist 4 **‘***anoir aneas…’*

Déan iarracht iad seo thíos a aistriú go Gaeilge:

1. The South
2. The North
3. The West
4. The East
5. South West
6. North West
7. North East
8. South East
9. West coast
10. East coast
11. North coast
12. South Coast

Ceist 5 ***a. ‘****Contae Luimnigh…’*

Cén ghné den ghramadach atá i gceist thuas?

b. Anois déan iarracht na focail idir lúibíní thíos a athrú más gá.

1. Ar fud (an tír)
2. Sioc (an oíche) aréir.
3. Roinnt (scoileanna)
4. Seirbhís (traein)
5. I rith (an lá)
6. A gcuid (obair)
7. Ar feadh (an deireadh seachtain)
8. I rith (an geimhreadh)

Ceist 6 Pléigh an ráiteas thíos leis an duine in aice leat nó mar rún díospóireachta sa rang.

‘Ní fheiceann an Rialtas ach an sneachta i mBaile Átha Cliath, agus tá an chuid eile den tír thíos leis’

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Déan na ceisteanna a phlé leis an duine in aice leat.

Ceist 2

Sleet	Flichshneachta
Ice	Leac oighir
Scarcity	Ganntanas
Pedestrians	Coisithe
Dangerous	Contúirteach
County Council	Comhairle Contae
Difficulties	Deacrachtaí
Spread	Scaip
Frost	Sioc
Problems	Fadhbanna
Operating	Ag feidhmiú

Ceist 3

1. Bhí sneachta agus leac oighir ag cruthú fadhbanna do choisithe agus do thiománaithe.

2. Luaitear Bus Átha Cliath agus Bus Éireann.

3. Tá an Luas ag feidhmiú mar is gnáth.

4. Iarrtar ar mhuintir na Gaillimhe gan an t-uisce a fhágáil ar siúl sna tithe.

5. Beidh báisteach, sneachta agus flichshneachta ann anocht.

Ceist 4

1. An Deisceart

2. An Tuaisceart

3. An tIarthar

4. An tOirthear

5. Aniar aneas

6. Aniar aduaidh

7. Anoir aduaidh

8. Anoir aneas

9. An cósta thiar

10. An cósta thoir
11. An cósta thuaidh
12. An cósta theas

Ceist 5 ***'Chontae Luimnigh…'***

a. Tuiseal ginideach: dhá ainmfhocal ag teacht le chéile.

b. Anois déan iarracht na focail idir lúibíní thíos a athrú más gá.

1. Ar fud **na tíre**
2. Sioc **na hoíche** aréir.
3. Roinnt **scoileanna**
4. Seirbhís **traenach**
5. I rith **an lae**
6. A gcuid **oibre**
7. Ar feadh **na deireadh seachtaine**
8. I rith **an gheimhridh**

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó díospóireacht a dhéanamh.

Éimear Ní Chonaola

Thit sneachta mór agus scaip anoir aneas as Dún na nGall ar fud na tíre inniu. Bhí bóithre[1] contúirteach tar éis[2] sioc na hoíche aréir agus chuir sneachta an lae inniu tuilleadh leis na deacrachtaí a bhí ag tiománaithe. D'fhan roinnt scoileanna dúnta arís inniu. Ní bheidh seirbhísí Bhus Átha Cliath ar fáil tar éis[3] a naoi a chlog anocht agus cuirfear deireadh le seirbhísí Bhus Éireann amach as Baile Átha Cliath[4] ón a naoi a chlog freisin.

Siún Nic Gearailt

Sneachta agus leac oighir is mó a bhí ag cruthú fadhbanna do choisithe agus do ghluaisteáin leis, ach go háirithe ar bhóithre náisiúnta den dara[5] grád agus na cúlbhóithre. Deir Iarnród Éireann go bhfuil seirbhís traenach ag feidhmiú ina hiomláine ach ní bheidh seirbhísí Bhus Éireann nó Átha Cliath ar fáil ó luath tráthnóna mar gheall ar aimsir níos measa [6]anois. Seachas Stop Uí Chonghaile atá fós dúnta, tá an LUAS ag feidhmiú faoi[7] mar is gnáth.

I rith an lae, leac oighir dubh, sneachta reoite agus ceo reoite a bhí ar dhaoine déileáil leis ar an gcósta thiar ó Chontae Luimnigh go Dún na nGall. Bhí na Comhairlí Contae ar a gcéad dícheall ag iarraidh salann a chur ar bhóithre ach ní raibh a gcuid oibre ach déanta acu nuair a reodh sé arís. Bhí bealach Chúl an Earagail[8] i nDún na nGall dúnta ar feadh na deireadh seachtaine[9] agus cé go bhfuil sé oscailte anois deirtear go bhfuil sé fós thar a bheith dainséarach.

D'fhan an-chuid scoileanna i Sligeach agus i nDún na nGall dúnta i rith an lae agus tá ganntanas uisce ag cruthú fadhbanna ach go háirithe sa Ghaillimh, áit a iarrtar ar dhaoine gan an t-uisce a fhágáil[10] ar siúl sna[11] tithe. Tá a thuilleadh báistí, sneachta agus flichshneachta fógartha[12] don Iarthar agus ceantair[13] i lár tíre anocht.

---

[1] Bóithrí a deirtear sa chaint
[2] Théis a deirtear i gcanúint Chonamara
[3] Théis a deirtear i gcanúint Chonamara
[4] Bleá Cliath a deirtear sa chanúint
[5] Tarna a deirtear i gcanúint na Mumhan
[6] Níos a mheasa deirtear
[7] Fé a deirtear
[8] Cloistear 'Cúl na hEaragaile' freisin
[9] Úsáidtear 'ar feadh an deireadh seachtaine'
[10] a fhágaint i gCanúint na Mumhan
[11] Ins na a deirtear sa chaint
[12] Fógraithe a deirtear
[13] Ceantracha a deirtear sa chaint